Is fostóir comhdheiseanna í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

**Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí**

Comórtas oscailte le haghaidh ceapacháin chuig an bpost mar

**Oifigeach Cléireachais – Stiúrthóireacht agus Oifig Phríomh-Aralt na hÉireann**

**i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

Dáta deiridh: 3:00 p.m., an 04 Samhain 2024

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tiomanta do bheartas comhdheiseanna

Sonraí Teagmhála: Aonad Acmhainní Daonna

LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

4 SRÁID CHILL DARA,

BAILE ÁTHA CLIATH 2.

Teileafón: (353) 1 6030200 - URL: www.nli.ie/ga/vacancies

**CÚLRA**

Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) leabharlann taifid na hÉireann. Bunaíodh NLI in 1877 agus ar an 3 Bealtaine 2005 agus rinneadh institiúid fhéinrialaitheach cultúir di faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, le Bord agus Stiúrthóir a fheidhmíonn faoi rialachas foriomlán an Bhoird. Tá an Bord comhdhéanta de chathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta a chuireann tuarascálacha faoi bhráid an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tá timpeall 125 ball foirne fostaithe ag an Leabharlann agus oibríonn siad i dtreo cúig thosaíocht a bhaint amach faoin straitéis reatha atá againn, is iad sin an bailiú, an chosaint, an nochtadh, an rannpháirteachas agus an nuáil.

Baintear leas as bailiúcháin uathúla NLI le scéal na hÉireann a roinnt leis an domhan mór. Tá breis agus dhá mhilliún mír déag faoinár gcúram, lena n-áirítear leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, léaráidí, ábhair ghearrshaolacha, ceol agus meáin dhigiteacha. Tá láithreacha na Leabharlainne i mBaile Átha Cliath, lena n-áirítear an Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta i mBarra an Teampaill, ar oscailt agus saor in aisce dóibh siúd ar mian leo féachaint ar na bailiúcháin agus iad a iniúchadh sna seomraí léitheoireachta ar díol spéise iontu féin iad do chuairteoirí, nó freastal ar na taispeántais luachmhara éagsúla agus ar imeachtaí mar chuid den chlár poiblí gníomhach. Tá eolas breise ar fáil ag https://www.nli.ie/ga.

Is é Príomh-Aralt na hÉireann údarás an Stáit maidir leis na hábhair araltacha uile agus tá sé freagrach as armais a dheonú agus a dheimhniú do dhaoine aonair agus do chomhlachtaí corpraithe. In 1943, aistríodh freagracht as Oifig na nArmas go Rialtas na hÉireann agus athainmníodh mar an Oifig Ginealais í. Ó shin i leith, tá Oifig Phríomh-Aralt na hÉireann ag feidhmiú mar chuid den Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Deonaítear armais do shaoránaigh na hÉireann agus do shliocht shaoránaigh na hÉireann, chomh maith le comhlachtaí corpraithe agus údaráis phoiblí. De ghnáth eisíonn an Oifig idir cúig agus deich ndeontas agus daingniú armais gach bliain.

**AN RÓL**

Ag obair mar chuid d'fhoirne Stiúrthóireacht NLI agus Oifig an Phríomh-Arailt, agus ag obair faoin Stiúrthóireacht Feidhmiúcháin faoi láthair, cabhrófar le cúrsaí laethúla leis an bpost seo. Cabhróidh an sealbhóir poist, mar is cuí de réir Stiúrthóireacht agus Oifig Phríomh-Aralt na hÉireann, i dtaca le riarachán; comhfhreagras; aistriúchán; idirphlé le príomhpháirtithe leasmhara seachtracha; eagrúchán d'imeachtaí seachtracha agus inmheánacha lena n-áirítear cruinnithe coiste éagsúla; cruinnithe foirne uile; imeachtaí poiblí agus seimineáir; bainistíocht líne agus idirchaidreamh a dhéanamh leis an mbainistíocht líne, leis an bhFoireann Ceannaireachta agus leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Beifear ag súil go n-iompróidh an sealbhóir poist iad féin i gcomhréir leis na caighdeáin is airde gairmiúlachta agus rúndachta, agus go mbeidh siad in ann oibriú faoi bhrú.

## DUALGAIS AGUS FREAGRACHTAÍ

### Oifig an Stiúrthóra

- Cabhrú le riarachán ginearálta Oifig an Stiúrthóra;
- Tacaíocht a thabhairt maidir le himeachtaí seachtracha agus inmheánacha lena n-áirítear cruinnithe a bhaineann leis an Stiúrthóir agus an Fhoireann Ceannaireachta, cruinnithe Coiste, cruinnithe foirne, imeachtaí poiblí;
- Oibriú le páirtithe leasmhara seachtracha maidir le cúrsaí riaracháin lena n-áirítear an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán;
- A bheith freagrach as glaonna teileafón ó dhaoine den phobal a bhainistiú, agus iad a atreorú chuig ranna ábhartha;
- Riarachán airgeadais lena n-áirítear oibriú le soláthraithe, speansais, cártaí creidmheasa agus soláthar;
- A bheith freagrach as comhfhreagras a ghlacadh, comhfhreagras a dhréachtú, aistriúchán doiciméad a shocrú;
- A bheith freagrach as post comhfhreagrais thar ceann Oifig an Stiúrthóra;
- Miontuairiscí agus breacadh nótaí de réir mar is gá;
- Tabhairt faoi aon dualgas eile mar is cuí don ghrád de réir mar a d’fhéadfadh an Stiúrthóir a shonrú.

### Oifig an Phríomh-Arailt

- Cuntais ríomhphoist Oifig an Phríomh-Arailt a bhainistiú;
- Dul i gcomhairle le harailt chomhairleacha, le péintéirí arailt, agus le cliaint;
- Dul i gcomhairle le foireann airgeadais NLI agus cuntais ioncaim agus caiteachais Oifig an Phríomh-Arailt a bhainistiú;
- Soláthairtí Oifig an Phríomh-Arailt a bhainistiú;
- A bheith freagrach as an bpost amach agus isteach uile in Oifig an Phríomh-Arailt;
- Rannóg Oifig an Phríomh-Arailt den suíomh gréasáin a uasdátú de réir mar is gá;
- Clár na nArmas a uasdátú de réir mar is gá;
- Tascanna ginearálta riaracháin a dhéanamh lena n-áirítear tuairiscí a chomhdú agus a scríobh de réir mar is gá;
- D’fhéadfadh go mbeadh gá le ról rúnaí an Choiste reachtúil um Ghinealas agus Araltas a ghlacadh ar feadh ar a laghad trí chruinniú in aghaidh na bliana

**Bunriachtanais**

- Cáilíocht Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí;
- Taithí 2 bhliain ar a laghad i ról cléireachais, nó a chomhionann;
- Taithí ar riarachán;
- Taithí ar chruinnithe agus imeachtaí a eagrú lena n-áirítear coistí agus cruinnithe le páirtithe leasmhara a riar.

**Sonraíocht faoin bPearsa**

- Sárscileanna idirphearsanta léirithe;
- Sárscileanna cumarsáide léirithe, idir scríofa agus labhartha;
- Cumas léirithe chun comhfhreagras agus tuarascálacha rúnda a bhainistiú;
- Scileanna léirithe eagrúcháin agus an cumas chun iltascáil a dhéanamh;
- Bealach an-ghairmiúil a bheith acu chomh maith leis an gcumas oibriú le raon leathan páirtithe leasmhara;
- Bealach cairdiúil agus solúbtha a bheith acu chomh maith le cur chuige oibre atá dírithe ar réiteach;
- An-chumas maidir le Svuít MS Office

**<u>INCHÁILITHEACHT CHUN DUL SAN IOMAÍOCHT AGUS SRIANTA ÁIRITHE AR INCHÁILITHEACHT</u>**

**Is gá d'iarrthóirí na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:**

(a) A bheith ina saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Is iad na tíortha atá sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ná Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
(b) A bheith ina saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
(c) A bheith ina saoránach den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
(d) A bheith ina saoránach neamh-LEE a bhfuil víosa stampa 4 acu; nó
(e) A bheith ina nduine dá ndámhadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 acu; nó
(f) A bheith ina nduine nach saoránach LEE iad a bhfuil leanbh cleithiúnach acu atá ina saoránach de bhallstát LEE nó den Ríocht Aontaithe nó den Eilvéis, a bhfuil cónaí orthu ann agus a bhfuil víosa stampa 4 acu.

***Chun cáiliú, ní mór d'iarrthóirí a bheith incháilithe faoi dháta aon tairisceana poist.***

**Chun cáiliú, ní mór d'iarrthóirí ceann amháin de na critéir shaoránachta thuas a chomhlíonadh faoi dháta aon tairisceana poist.**

**An Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER)**

Is coinníoll den Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER), mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais, go bhfuil toirmeasc ar dhaoine a théann ar scor faoin scéim sin cur isteach ar phost eile san fhostaíocht nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní ceadmhach do dhaoine atá ar scor den sórt sin cur isteach ar an bpost seo.

**Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010)**

Le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010, tugadh isteach an Scéim Spriocdhírithe um Luathscor Deonach (VER) agus an Scéim Iomarcaíochta Deonaí (VRS). Is coinníoll é den scéim VER nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe le haghaidh athfhostaíochta san earnáil sláinte poiblí ná san earnáil seirbhíse poiblí i gcoitinne, ná in aon chomhlacht atá maoinithe i bpáirt nó ina iomláine ag an Státchiste. Beidh feidhm ag an toirmeasc céanna orthu siúd a bhaineann leas as an VRS, ach amháin nach mairfidh an toirmeasc ach ar feadh tréimhse 7 mbliana agus go gcaithfear formheas a fháil ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina dhiaidh sin le filleadh ar aon fhostaíocht. Níl daoine a bhain leas as ceachtar den dá scéim sin incháilithe chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo.

**Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí**

Le litir dar dáta an 28 Meitheamh 2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra tugadh isteach Comhaontú Comhchoiteann, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, a comhaontaíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí. Is Coinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann é, maidir le daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú, nach mbeidh siad incháilithe le haghaidh athfhostaíochta sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (arna shainiú ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó chríoch na fostaíochta. Ina dhiaidh sin beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de dhíth roimh athfhostaíocht a dhéanamh. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim seo agus a d’fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (go bhfuil an tréimhse neamh-incháilitheachta thart) agus beidh toiliú an Aire de dhíth sular féidir leo glacadh le haon fhostaíocht le comhlacht seirbhíse poiblí.

**Dearbhú**

Éileofar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas roimhe seo as an scéim dreasachtaí luathscoir de chuid na seirbhíse poiblí agus/nó as an gcomhaontú comhchoiteann thuasluaite. Beidh sé de cheangal ar iarratasóirí freisin a dhearbhú má fuair siad aon teidlíocht ar shochar pinsin Seirbhíse Poiblí (mar íocaíocht nó caomhnaithe) ó aon fhostaíocht eile de chuid na Seirbhíse Poiblí agus/nó i gcás ina bhfuair siad íocaíocht in ionad i leith seirbhíse in aon fhostaíocht de chuid na Seirbhíse Poiblí.

**PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE**

**TUARASTAL:** Is iad seo a leanas na scálaí pá a bhaineann leis an bpost (rátaí le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2024):

**Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (RPP)**

Beidh feidhm ag an scála pá RPP sa chás go bhfuil an ceapaí ina státseirbhíseach nó ina bhfostaí sa tseirbhís phoiblí cheana féin a ceapadh ar an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh sin agus a n-éilítear orthu ranníocaíocht phearsanta pinsin a dhéanamh. Beidh feidhm ag an scála seo freisin maidir le bunfhostaithe nua agus fostaithe neamhbhunaithe atá ar chonradh téarma seasta.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| €571.04 | €604.06 | €612.46 | €628.82 | €652.99 | €677.10 | €701.19 | €718.74 |
| €738.65 | €761.77 | €778.02 | €800.90 | €823.63 | €859.10 | €886.97* | €899.77** |

**Is éard is LSI 1 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 3 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála.*

***Is éard is LSI 2 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 6 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála.*

**Gan Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (Gan RPP)**

Is é seo a leanas an tuarastal gan RPP (Gan Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin) a bhaineann leis an bpost, agus tá feidhm aige sa chás go bhfuil an ceapaí ina státseirbhíseach nó ina bhfostaí sa tseirbhís phoiblí a ceapadh roimh an 6 Aibreán 1995 agus nach n-éilítear orthu Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| €546.84 | €578.25 | €586.20 | €609.43 | €624.72 | €647.64 | €670.56 | €693.48 |
| €709.95 | €732.20 | €750.86 | €766.04 | €787.66 | €821.35 | €847.83* | €860.06** |

**Is éard is LSI 1 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 3 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála.*

***Is éard is LSI 2 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 6 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála.*

**Nóta Tábhachtach**

Tiocfaidh an té a cheapfar isteach ar bhun an scála agus ní dhéanfar aon idirbheartaíocht maidir le ráta an luacha saothair. D'fhéadfaí é a athrú ó am go ham i gcomhréir le beartas pá an Rialtais.

Faoi réir feidhmíocht shásúil, d'fhéadfadh incrimintí a bheith iníoctha i gcomhréir le Beartas reatha an Rialtais. (Féach Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020 alt 5.1 le haghaidh na n-athruithe is déanaí).

D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist i gcás duine atá ag fónamh ina státseirbhíseach nó ina bhfostaí sa tseirbhís phoiblí faoi láthair.

Beidh an ráta pá a thairgfear iníoctha go coicísiúil ar bhonn riaráistí de bhun Ríomhaistriú Airgid (RAA) isteach i do rogha cuntais bainc. Ní fhéadfar íocaíocht a dhéanamh go dtí go gcuirfidh tú uimhir IBAN agus IBIC ar fáil don Aonad Acmhainní Daonna.

Déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal de réir mar is cuí.

Déanfaidh tú comhaontú go bhféadfaidh sé go n-asbhainfear aon ró-íocaíochtaí tuarastail nó taistil agus cothaithe ó íocaíochtaí tuarastail atá dlite duit amach anseo, i gcomhréir leis an Acht um Íoc Pá, 1991. Cuirfear suim na ró-íocaíochta agus sonraí maidir léi in iúl duit i scríbhinn agus tabharfar fógra seachtaine ar a laghad duit faoin asbhaint atá le déanamh. Beidh méid na hasbhainte cothrom agus réasúnta ag féachaint ar do na himthosca uile.

**Tionacht**

Ceapfar an té a cheapfar rathúil i bpost buan, faoi réir conradh promhaidh 12 mhí a bhaint amach go rathúil.

Déanfar ceapachán chun post i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar chríochnú an chonartha phromhaidh go rathúil. Ní choisceann an méid sin síneadh ar an tréimhse phromhaidh sna cúinsí cuí. Le linn na tréimhse promhaidh, d'fhéadfadh an bainisteoir/na bainisteoirí ábhartha athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fheidhmíocht an cheapaí lena mheas:

(i) ar fheidhmigh siad go sásúil.

(ii) an raibh a n-iompar ginearálta sásúil.

(iii) an oireann siad ó thaobh na sláinte de, go háirithe i dtaca le saoire bhreoiteachta.

**Fostaíocht Sheachtrach**

Post lánaimseartha atá i gceist, agus ní cheadófar don cheapaí cleachtadh go príobháideach ná aon nasc a bheith acu le haon ghnóthas seachtrach a bheadh ag teacht salach ar a gcuid dualgas oifigiúil, a chuirfeadh as dá bhfeidhmíocht nó a chuirfeadh a macántacht i mbaol.

**An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997**

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre 1997, nuair is cuí, maidir leis an bhfostaíocht seo.

**Suíomh**

Beidh an té a cheapfar lonnaithe go príomha ag Uimhir 4 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, ach beidh orthu cuairt a thabhairt ar áitreabh uile NLI i mBaile Átha Cliath agus oibriú iontu de réir mar a éilíonn nádúr an róil.

**Uaireanta Freastail**

Socrófar na huaireanta freastail ó am go ham, ach ní bheidh níos lú ná 41.25 uair an chloig comhlán in aghaidh na seachtaine ar an meán (35 uair an chloig glan in aghaidh na seachtaine) i gceist leo. Ní dhéanfar aon íocaíocht bhreise i gcás freastal breise (os cionn 41.25 uair in aghaidh na seachtaine) mar go gclúdaíonn an ráta luach saothair aon fhreastal breise eisceachtúil a d'fhéadfadh teacht aníos ó am go chéile.

**Saoire Bhliantúil**

Is é 22 lá oibre in aghaidh na bliana an tsaoire bhliantúil, ag ardú go 23 lá oibre tar éis 5 bliana, 24 lá oibre tar éis 10 mbliana, 25 lá oibre tar éis 12 bhliain seirbhíse agus 26 lá oibre tar éis 14 bliana. Tá an liúntas seo faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a dheonú sa státseirbhís, agus tá sé bunaithe ar sheachtain cúig lá agus ní áirítear leis na gnáthlaethanta saoire poiblí.

**Cúrsaí Sláinte**

Ní mór d'iarrthóirí ar an bpost, agus do dhuine ar bith i mbun na hoifige, a bheith go hiomlán inniúil agus a bheith in ann tabhairt faoi na dualgais a cheanglaítear leis an oifig, agus a bheith i mbail sláinte a léireodh dóchúlacht réasúnach go mbeidh an cumas acu seirbhís rialta agus éifeachtúil a thabhairt.

**Saoire Bhreoiteachta**

Íocfar pá le linn neamhláithreachta breoiteachta atá deimhnithe i gceart, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann go bhfuil míchumas buan ann le haghaidh seirbhíse, ar bhonn pro rata, de réir fhorálacha na gciorclán a rialaíonn saoire bhreoiteachta.

Is gá d'oifigigh a bheidh ag íoc ÁSPC ag ráta Aicme A sainordú a shíniú a thabharfadh údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochar dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Beidh íocaíocht le linn breoiteachta faoi réir ag an gceapaí a dhéanann na héilimh riachtanacha ar shochar árachais shóisialaigh go díreach leis an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

**Aoisliúntas agus Scor**

Cuirfear ar fáil don iarrthóir a n-éireoidh leo na téarmaí agus coinníollacha cuí aoisliúntais a bheidh i réim i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tráth a dtairgfear an ceapachán dóibh. De ghnáth, agus ach amháin i gcás iarrthóirí a d'oibrigh i bpost inphinsin (téarmaí nach faoin

scéim aonair iad) sa tseirbhís phoiblí le linn na 26 seachtain roimh an gceapachán (féach alt d anseo thíos), ciallaíonn sé seo go dtairgfear an ceapachán ar bhonn ballraíochta i Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí ("an Scéim Aonair").

Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha a ghabhann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

a. **Aois Inphinsin**

Is é 66 bliain d'aois (le hardú go 67 agus 68) an aois íosta a thiocfaidh an pinsean chun a bheith iníoctha i gcomhréir le hathruithe ar aois an Phinsin Stáit.

b. **Aois Scoir**

Ní mór do bhaill na scéime dul ar scor ag aois 70.

c. **Laghdú Pinsin**

Má bhí an ceapaí fosaithe sa Státseirbhís cheana féin agus má tá pinsean ón Státseirbhís á fháil acu, beidh feidhm ag na gnáthrialacha laghdaithe. Sa chás go raibh an duine ceaptha fostaithe sa Státseirbhís cheana féin agus pinsean bronnta orthu mar chuid de shocruithe luathscoir dheonaigh (ach amháin daoine a ghlac páirt sa Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER) nó faoi Chiorclán 7/2010 VER/VRS de chuid na Roinne Sláinte, nach bhfuil incháilithe chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo mar atá leagtha amach thuas), cuirfear deireadh leis an teidlíocht chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís a thug an duine ceaptha roimhe sin a mheas chun críche aon aoisliúntais a d'fhéadfadh a mbeadh an té a cheapfar incháilithe dó amach anseo. Má bhí an duine ceaptha fostaithe sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí cheana féin, tabhair faoi deara go ndéantar foráil san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, chun laghdú pinsin a shíneadh d'fhostaithe sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a dhéantar a athfhostú sa chás go bhfuil pinsean Seirbhíse Poiblí á íoc. Tháinig an fhoráil sin leis an laghdú i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí níos leithne ar an 1 Samhain 2012. **D'fhéadfadh sé go mbeadh impleachtaí ag an bhforáil sin ar phinsean duine a cheapfaí sa phost seo a bhfuil pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí á fháil acu faoi láthair nó a bhfuil pinsean caomhnaithe Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí caomhnaithe acu a thiocfadh i ngníomh le linn dóibh a bheith fostaithe sa phost seo.**

- **Ciorclán 102/2007 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir leis an Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**

  Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí isteach. Is coinníoll é den Scéim Luathscoir, gan na cásanna a leagtar amach in Alt 10.2 agus 10.3 de dhoiciméid na gciorclán lena mbaineann a áireamh, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shnáithe 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má thosaíonn siad i bhfostaíocht d'aon chineál agus in aon earnáil den tseirbhís phoiblí arís dá éis sin, cuirfear stop láithreach le híocaíochtaí pinsin leis an duine sin faoin

scéim. Atosófar den phinsean a íoc, más ea, ar chríoch na fostaíochta sin nó ar 60ú breithlá an duine sin, cibé acu is déanaí, ach ar a atosú, bunófar an pinsean ar sheirbhís inríofa iarbhír an duine sin mar mhúinteoir (i.e. ní chuirfear na blianta breise a deonaíodh roimhe seo san áireamh agus an íocaíocht phinsin á ríomh).

- **Scor de dheasca Drochshláinte**

  Tabhair faoi deara, le do thoil, i gcás ina bhfuil duine imithe as oifig ó chomhlacht de chuid na Státseirbhíse nó na Seirbhíse Poiblí ar fhorais drochshláinte, go bhféadfadh a bpinsean ón bhfostaíocht sin a bheith faoi réir athbhreithnithe de réir rialacha scoir drochshláinte laistigh de scéim pinsin na fostaíochta sin.

d. **Iarfhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí**

Cé go mbaineann na gnáth-théarmaí pinsin atá leagtha amach thuas le ballraíocht sa Scéim Aonair, d'fhéadfadh sé nach mbeadh feidhm ag an scéim sin ar dhaoine áirithe. Tá na sonraí uile maidir leis na coinníollacha a bhfuil feidhm acu i dtaobh cibé acu an bhfuil fostaí sa tseirbhís phoiblí ina mball den Scéim Aonair nó nach bhfuil le fáil san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is é an príomhchás eisceachta atá ann (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus go ginearálta), áfach, ná i gcás iarrthóir rathúil a d'oibrigh i gcáil inphinsin sa tseirbhís phoiblí (téarmaí nach faoin scéim aonair iad) le linn na 26 seachtain roimh an gceapachán, nach n-éireodh leo de bheith ina mball den Scéim Aonair go hiondúil. Sa chás seo, thabharfaí deis dá leithéid d'iarrthóir ballraíocht a ghlacadh sa scéim pinsin do státseirbhísigh neamhbhunaithe ("An Scéim Pinsin d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe"). Chiallódh sé seo go mbeadh feidhm ag na forálacha laghdaithe faoi (c) thuas, agus anuas air sin go mbeadh iarmhairtí ann i leith fabhrú pinsin, mar a leagtar amach anseo thíos:

e. **Fabhrú Pinsin**

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain ar an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i leith pinsin i gcás ina raibh duine ina mball de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin roimhe seo. Tháinig an teorainn 40 bliain seo, a ndéantar foráil di san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, in éifeacht ar an 28 Iúil, 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith i gceist leis seo do dhuine ar bith a cheapfaí agus a bhfuil cearta pinsin faighte acu ó fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo.

f. **Asbhaint a Bhaineann le Pinsean**

Beidh an ceapachán seo faoi réir asbhaint a bhaineann le pinsean de réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009.

Le tuilleadh eolais a fháil maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair d'Fhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí, féach an láithreán gréasáin seo a leanas: https://singlepensionscheme.gov.ie/ga/.

**Sicréideacht, Rúndacht agus Caighdeáin Iompair:**

**Sicréideacht agus Ionracas Oifigiúil**
Le linn théarmaí an chonartha, beidh an t-oifigeach faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Toileoidh an té a cheapfar nach nochtfaidh siad do thríú páirtithe aon eolas rúnda le linn nó tar éis na tréimhse fostaíochta.

**Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse**
Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

**Dea-Cháil**
Is gá go mbeadh dea-cháil ar iarrthóirí ar an bpost agus ar an té a cheapfar.

**An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995**
Beidh feidhm ag na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, nuair is cuí, maidir leis an gceapachán seo.

**Fógra tábhachtach:**
**Níl sa mhéid thuas ach na príomhchoinníollacha seirbhíse agus ní hionann iad agus liosta uileghabhálach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta uile, a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an té a cheapfar.**

**PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS**

**Conas Iarratas a Dhéanamh**
Ba chóir d'iarratasóirí cóip dá Curriculum Vitae a sheoladh isteach, in éineacht le litir chumhdaigh agus ainmneacha agus sonraí teagmhála beirt mholtóirí san áireamh ann. Ba chóir iad seo a sheoladh i ríomhphost chuig: **careers@nli.ie**

**Tabhair faoi deara gur chóir na doiciméid uile a bhaineann leis an iarratas a sheoladh isteach in aon doiciméad PDF amháin.**

Déanfar gearrliostú ar iarrthóirí ar bhonn an eolais atá ina curriculum vitae.

Coinníonn NLI an ceart acu féin na fiosruithe uile a mheasann siad a bheith riachtanach a dhéanamh maidir leis an iarrthóir sula dtairgfear post dóibh.

Is iad na hiarrthóirí atá freagrach as a bheith ar fáil le haghaidh agallaimh ag an am agus ar an dáta sannta.

**Dáta deiridh**

Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh 3:00 p.m., an 04 Samhain, 2024. **Cloífear go docht daingean leis an dáta deiridh sin.**

**Modhanna Roghnúcháin**

D'fhéadfadh go n-áireofaí ar na modhanna sin:

- gearrliostú iarrthóirí ar bhonn an eolais atá ina n-iarratas
- agallamh iomaíoch
- cur i láthair nó cleachtaí eile a mheasfar a bheith cuí

**Gearrliostú**

De ghnáth, is mó líon na n-iarratas a sheoltar isteach ar phost ná an líon iarratas a theastaíonn le folúntais reatha agus amach anseo don phost a líonadh. In ainneoin go gcomhlíonfadh iarrthóir na riachtanais incháilíochta don chomórtas, sa chás go mbeadh líon na n-iarrthóirí ar an bpost chomh hard sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach iarrthóir, féadfaidh an Leabharlann Náisiúnta líon teoranta iarrthóirí a ghlaoch chun agallaimh. Chuige sin, cuireann an Leabharlann Náisiúnta próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm chun grúpa iarrthóirí a roghnú i gcomhair agallaimh a meastar fúthu gurb iadsan is mó a oireann don phost ar bhonn an athbhreithnithe a rinneadh ar a bhfoirmeacha iarratais. Déanfaidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais a scrúdú, agus critéir réamhchinnte á gcur san áireamh acu, ar bhonn riachtanais an róil, agus is iadsan a chinnfidh cé acu an ndéanfar nó nach ndéanfar iarrthóir ar leith a ghearrliostú, le hais na n-iarrthóirí eile a chuir isteach ar an bpost. Ní hé sin le rá nach n-oireann iarrthóirí eile don phost nó nach mbeidís in ann dul i mbun an phoist, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí ann a bhfuil an chosúlacht air, bunaithe ar a gcuid iarratas, a bheith níos cáilithe don phost áirithe seo agus/nó taithí níos ábhartha acu. Dá bhrí sin, tá sé chun do leasa féin cuntas beacht mionsonraithe a thabhairt ar do chuid cáilíochtaí/taithí san fhoirm iarratais.

**Iarrthóireacht a mheastar a bheith tarraingthe siar**

Cuirfear iarratas iarrthóirí nach gcuireann fianaise is ábhartha dá n-iarrthóireacht ar fáil nuair a iarrann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann orthu déanamh amhlaidh as an áireamh.

**Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin**

Déileálfar le hiarratais ar athbhreithniú de réir an doiciméid "*Cód Chleachtais: Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí*" a d'fhoilsigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí - tá an Cód le fáil ar láithreán gréasáin https://www.cpsa.ie/ga/.

Is mar seo a leanas a chuirfidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann iarratais (arna gcur faoi bhráid an Aonaid Acmhainní Daonna) san áireamh lena mbreithniú: -

- próiseas neamhfhoirmiúil le go mbainfí leas as taobh istigh de 5 lá oibre d'fhógra an chinnidh thosaigh (Alt 7.8 den Chód) nó taobh istigh de 2 lá oibre de chinneadh a fháil i ndáil le céim eatramhach (Alt 7.9 den Chód).
- Próiseas foirmiúil: ní mór an t-iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh taobh istigh de 10 lá oibre d'fhógra an chinnidh thosaigh, nó i gcás céim eatramhach, ní mór go bhfaighfí an t-iarratas ar athbhreithniú taobh istigh de 4 lá oibre (Alt 7.13 den Chód).

- Féadann an t-iarrthóir a iarraidh go ndéanfadh eadránaí toradh an chinnidh athbhreithnithe thosaigh féin a athbhreithniú agus ba chóir iarratas chuige sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná 7 lá oibre tar éis toradh an athbhreithnithe tosaigh a fháil (Alt 7.15 den Chód).

Déantar plé in Alt 8 den Chód ar na Nósanna Imeachta Athbhreithnithe/Achomhairc i ndáil le líomhaintí shárú an Chóid Cleachtais.

**Rúndacht**

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, beidh iarratais go huile is go hiomlán faoi rún. Beidh feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 – 2018.

Ginfear **TRÍ** chóip chrua ó gach iarratas a chuirfear isteach trí ríomhphost. Molfar d'agallóirí gan tuairimí a scríobh ar na cóipeanna crua sin. Tar éis an phróisis agallaimh, coinneoidh an tAonad Acmhainní Daonna, **AON CHÓIP AMHÁIN** agus scriosfar an **DÁ CHÓIP EILE** nuair a bheidh an comórtas curtha i gcrích. Coinníonn iarrthóirí na gnáthchearta rochtana ar fhaisnéis.

**Dualgais an Iarrthóra**

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go ndícháileofar iad agus go gcoinneofar amach as an bpróiseas iad má dhéantar stocaireacht ar bith ar a son.

Ní cóir d'iarrthóirí aon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- faisnéis bhréagach a sholáthar go feasach nó go meargánta;
- stocaireacht a dhéanamh ar dhuine ar bith, cibé acu le mealltaí nó gan iad;
- cur isteach ar an bpróiseas nó teacht salach air ar aon bhealach.

**Sainchritéir Iarrthóra**

Ní mór d’iarrthóirí na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- An t-eolas agus an cumas riachtanach a bheith acu le dualgais an phoist ábhartha a chomhlíonadh;
- A bheith oiriúnach ar bhonn carachtair;
- A bheith oiriúnach ar gach bealach cuí eile le go gceapfaí sa phost ábhartha iad;

agus má éiríonn le hiarrthóir ní cheapfar an té sin sa phost go dtí go ndéanfaidh siad na nithe seo a leanas:

- Aontú le cur i bhfeidhm na ndualgas a bhaineann leis an bpost agus glacadh leis na coinníollacha faoina gcomhlíontar na dualgais nó na coinníollacha faoina gcaithfí na dualgais a chomhlíonadh;
- A bheith go hiomlán inniúil agus ar fáil chun tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an bpost agus a bheith go hiomlán ábalta tabhairt fúthu.

# AGUISÍN 1

## Oifigeach Cléireachais – Stiúrthóireacht NLI agus Oifig Phríomh-Aralt na hÉireann: Príomhtháscairí Feidhmíochta

| | |
|---|---|
| Obair Foirne | Bíonn meas acu ar chomhghleacaithe agus ar chomhoibrithe |
| | Forbraíonn agus coimeádann siad caidrimh mhaithe oibre le daoine eile, ag roinnt eolais agus faisnéise, de réir mar is cuí; |
| | Tairgeann siad smaointe agus tuairimí dá gcuid féin |
| | Tuigeann siad a ról féin ar an bhfoireann agus déanann siad gach iarracht an ról sin a chomhlíonadh |

| | |
|---|---|
| Bainistíocht / Próiseáil Faisnéise | Tugann siad faoin obair ar fad ar bhealach cuimsitheach agus eagraithe |
| | Leanann siad nósanna imeachta agus prótacail agus tuigeann siad an fiúntas agus an réasúnaíocht atá mar bhonn leo |
| | Coinníonn siad taifid ar ardchaighdeán ar féidir le daoine eile ciall a bhaint astu gan deacracht |
| | Déanann siad conclúidí cuí ó fhaisnéis |
| | Molann siad modhanna nua chun tabhairt faoi rudaí ar bhealaí níos fearr agus níos éifeachtúla |
| | Tá siad ar a gcompord oibriú le cineálacha éagsúla eolais, e.g. faisnéis scríofa, faisnéis uimhriúil, cairteacha, agus tá siad in ann tabhairt faoi uimhríocht, céatadáin a ríomh etc |

| | |
|---|---|
| Seachadadh Torthaí | Glacann siad freagracht as obair agus cuireann siad dlús leis an obair sin go dtí an chéad leibhéal cuí eile |
| | Cuireann siad obair i gcrích go poncúil |
| | Téann siad i dtaithí ar bhealaí nua chun tabhairt faoi rudaí go tapa |
| | Déanann siad seiceáil ghrinn ar gach píosa oibre d'fhonn cinntiú go bhfuil sé curtha i gcrích ar chaighdeán ard agus foghlaimíonn siad ó gach botún a dhéanann siad |
| | Bíonn a gcuid gramadaí agus litrithe i gceart agus iad ag scríobh agus baineann siad tátail réasúnta as treoracha scríofa |
| | Aithníonn agus tuigeann siad an phráinn agus an tábhacht a bhaineann le tascanna éagsúla |
| | Léiríonn siad tionscnaíocht agus solúbthacht chun a chinntiú go gcuirtear obair i gcrích |
| | Oibríonn siad as a stuaim féin agus baineann siad úsáid as a mbreithiúnas sula n-iarrann siad treoir ó bhainisteoir nó ó chomhghleacaithe |

| | |
|---|---|
| Seirbhís do Chustaiméirí agus Scileanna | Éisteann siad go gníomhach le daoine eile agus déanann siad iarracht a dtuairimí/ riachtanas a thuiscint |
| | Tuigeann siad na céimeanna nó na próisis ar gá do chustaiméirí dul tríothu agus is féidir |

| | |
|---|---|
| Cumarsáide | leo na céimeanna sin a mhíniú go soiléir |
| | Léiríonn siad meas, cúirtéis agus gairmiúlacht agus coinníonn siad guaim orthu féin fiú i gcúinsí dúshlánacha; |
| | Is féidir leo a bheith diongbháilte nuair is gá agus cumarsáid a dhéanamh le muinín agus le húdarás |
| | Tá siad in ann cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go líofa, ó bhéal, agus i scríbhinn |

| | |
|---|---|
| Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt | Forbraíonn agus cothaíonn siad na scileanna agus an saineolas atá de dhíth chun an ról a chomhlíonadh go héifeachtach, e.g. teicneolaíochtaí ábhartha, córais TF, scarbhileoga, Microsoft Office, polasaithe ábhartha etc. |
| | Tá tuiscint mhaith acu ar an ról, na cuspóirí agus na spriocanna agus ar an gcaoi a mbaineann siad le hobair an aonaid |
| | Tá siad tiomanta d'fhéinfhorbairt agus bíonn siad i gcónaí ag iarraidh feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht phearsanta |

| | |
|---|---|
| Dúthracht agus Tiomantas do Luachanna na Seirbhíse Poiblí | Déanann siad a ndícheall i gcónaí feidhmiú ag leibhéal ard agus seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar |
| | Freastalaíonn siad ar an Rialtas agus ar mhuintir na hÉireann |
| | Oibríonn siad ar bhealach críochnúil agus coinsiasach, fiú nuair is gnáthobair atá i gceist |
| | Is duine díograiseach iad, agus coinníonn siad orthu fiú nuair atá an obair dúshlánach, nó nuair atá constaicí rompu |
| | Tá siad macánta agus iontaofa |
| | Feidhmíonn siad ar bhealach ionraic i gcónaí |